Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2023/2128

11.10.2023

# CINNEADH (AE) 2023/2128 ÓN gCOMHAIRLE

## an 9 Deireadh Fómhair 2023

## lena gceaptar triúr comhaltaí agus ceathrar comhaltaí malartacha, arna moladh ag Poblacht na Slóvaice, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint do na tograí ó rialtas na Slóvaice,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 10 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/2157 ([2]), lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025.

(3) Tá suíocháin triúr comhaltaí ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá mbun a moladh Milan BELICA, Jaroslav HLINKA agus Andrea TURČANOVÁ a cheapadh.

(4) Tá suíocháin ceathrar comhaltaí malartacha ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Ján BELJAK, Jaroslav BAŠKA, Ján BLCHÁČ agus Daniel LORINC éirí as oifig.

(5) Mhol rialtas na Slóvaice na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla iad agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil, mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Branislav BECÍK, *Predseda Nitrianskeho samosprávneho kraja* (Cathaoirleach Réigiún Féinrialaitheach Nitra), Branislav ZACHARIDES, *Primátor mesta Vrútky* (Méara Vrútky), agus František OĽHA, *Primátor mesta Prešov* (Méara Prešov).

(6) Mhol Rialtas na Slóvaice na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí **réigiúnacha nó áitiúla** iad agus **sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil**, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Ondrej LUNTER, *Predseda Banskobystrického samosprávneho kraja* (Cathaoirleach Réigiún Féinrialaitheach Banská Bystrica), Michal BARTEK, *Poslanec Trenčianskeho samosprávneho kraja a Podpredseda Trenčianskeho samosprávneho kraja* (Comhalta de Pharlaimint Réigiúnach Trenčín agus Leas-Chathaoirleach Réigiún Féinrialaitheach Trenčín), Ladislav SMATANA, *Primátor mesta Bojnice* (Méara Bojnice), agus Vladimíra VYDROVÁ, *Starostka obce Chorvátsky Grob* (Méara Chorvátsky Grob),

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.
([2]) Cinneadh (AE) 2019/2157 ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 78).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí **réigiúnacha nó áitiúla** iad **agus sainordú toghchánach acu**, chuig Coiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

(a) mar chomhaltaí:

— Branislav BECÍK, *Predseda Nitrianskeho samosprávneho kraja* (Cathaoirleach Réigiún Féinrialaitheach Nitra),

— František OĽHA, *Primátor mesta Prešov* (Méara Prešov),

— Branislav ZACHARIDES, *Primátor mesta Vrútky* (Méara Vrútky),

agus

(b) mar chomhaltaí malartacha:

— Michal BARTEK, *Poslanec Trenčianskeho samosprávneho kraja a Podpredseda Trenčianskeho samosprávneho kraja* (Comhalta de Pharlaimint Réigiúnach Trenčín agus Leas-Chathaoirleach Réigiún Féinrialaitheach Trenčín),

— Ondrej LUNTER, *Predseda Banskobystrického samosprávneho kraja* (Cathaoirleach Réigiún Féinrialaitheach Banská Bystrica),

— Ladislav SMATANA, *Primátor mesta Bojnice* (Méara Bojnice), agus

— Vladimíra VYDROVÁ, *Starostka obce Chorvátsky Grob* (Méara Chorvátsky Grob).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg an 9 Deireadh Fómhair 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
Y. DÍAZ PÉREZ